

CAIB VIII AN SÚMAIRE MARA AGUS AN SGÉITH RÓIN

PLÁTA XXXIX AN SÚMAIRE MARA

An déanamh atá ar an súmaire mara cuireann sé cúlarán an gharrdha i gcuimhne do dhuine ach ní planda é ach rud beo a chothuigheas cúinní dorchá agus sgailpíní na lochán cladaigh. Más fíor an chosmhalacht agus an t-anró a bhíos air, goilleann an chraos go millteach air, nó ní réidhtigheann a chuid leis agus ní leigheas le fágáil aige go sgoitheann sé na fiacra, go gcuireann sé amach craiceann na sgornaighe, agus an goile ar fad. Mharbhóchadh an t-anró sin an míol mór féin, ach is amhlaidh a leigheasann sé an súmaire mara. Fásann na fiacra arís agus cneasuigheann an sgórnach agus fágann sé goile nua agus bíonn sé faoi bhláth arís faoi cheann míosa. Is ar nós an mheisceora a chaitheann sé a shaoghal, lá go maith agus lá go dona. Shílfeá le breathnú air an t-am a mbíonn sé suaite go mba luath a shaoghal ach ní mar síltear bítear le cuid de na féithidí fairrge. Is iomdha rud aduain ar na talamh ach sáruigheann an fhairrge an talamh tirim le hiongantais nach bhfeictear go minic.